APPLICATION PROCEDURE

| *NÓS IMEACHTA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH* |
|---|
| Chun iarratas **bailí** a dhéanamh, ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais chuig ERA a chomhlánú go cuí agus a chur isteach faoin dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais.<br><br>**I gcás iarrthóirí a bhfuil céimeanna/dioplómaí acu nár bronnadh san Aontas Eorpach iad, iarrtar orthu leaganacha scanta de na céimeanna/na dioplómaí arna mbailíochtú san Aontas Eorpach a chur isteach in éineacht lena n-iarratas chuig ERA.**<br><br>**Aon iarrthóir nach gcloífidh leis na treoracha, eisiafar é/í ón bpróiseas roghnúcháin.**<br><br>Moltar d'iarrthóirí an t-iarratas a líonadh amach i mBéarla chun an próiseas roghnúcháin a éascú, ós rud é gurb é Béarla teanga chumarsáide na Gníomhaireachta.<br><br>Ní mór iarratais a sheoladh i ríomhphost chuig bosca poist **jobs@era.europa.eu** faoin **XX/XX/202X** ar 23.59 Am Lár na hEorpa (am áitiúil in Valenciennes) ar a dhéanaí, **agus uimhir thagartha an ghlao ar iarratais á sonrú go soiléir sa líne ábhair**.<br><br>Tabhair do d'aire le do thoil nach mbreithneofar iarratais a chuirfear isteach trí fhacs nó leis an ngnáthphost.<br><br>Más rud é go n-aimsítear ag céim ar bith den nós imeachta gur faisnéis mhícheart í an fhaisnéis a thabharfaidh iarrthóir, féadfar an t-iarrthóir atá i gceist a dhícháiliú.<br><br>Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh an teagmháil sin díreach nó indíreach, le comhaltaí den Choiste Roghnúcháin agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Forchoimeádann an tÚdarás atá Údaraithe chun Conarthaí a Chur i gCrích trí tharmligean (AACC anseo feasta) an ceart chun aon iarrthóir a dhéanfaidh neamhaird den treoir sin a dhícháiliú.<br><br>Bunófar liosta ionadaithe agus beidh sé bailí ar feadh 2 bhliain ó dháta deiridh an nós imeachta roghnúcháin. Féadfar síneadh ama a chur le tréimhse bhailíochta an liosta ionadaithe ar bhonn cinneadh ó AACC. Féadfar an liosta ionadaithe a úsáid chun earcaíocht a dhéanamh le haghaidh poist eile lena mbaineann an feidhmghrúpa, an grád agus an phróifíl chéanna a shonraítear thuas.<br><br>**Tabhair do d'aire le do thoil go bhféadfadh fadhbanna a bheith ag an gcóras méideanna móra sonraí a phróiseáil mar gheall ar an líon ard iarratas a d'fhéadfaimis a fháil faoin sprioc-am le haghaidh iarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, moltar d'iarratasóirí a n-iarratas ERA a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.**<br><br>**Tábhachtach:** NÍOR cheart doiciméid tacaíochta (e.g. cóipeanna deimhnithe de chéimeanna/dhioplómaí, cruthúnas ar thaithí, etc.) a sheoladh ag an gcéim seo, ach is féidir go n-iarrfar iad ag céim níos déanaí den nós imeachta. Ní sheolfar aon doiciméad ar ais chuig iarrthóirí. |